# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2005**

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL –PÁIPÉAR I

# ROINN B

**(160 Marc)**

DÉ CÉADAOIN, 15 MEITHEAMH 2005 – MAIDIN, 9.30 – 12.00

- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- **CEITHRE** cheist ar bith a fhreagairt.
- Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair mar aon le fóiliónna agus dátaí, de réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

## ROINN B (160 Marc)

Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
**CEITHRE** cheist ar bith a fhreagairt.
Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair mar aon le fóiliónna agus dátaí, de réir mar is cuí.
Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Freagair GACH cuid. Is ceist í seo ar Bhuiséad Teaghlaigh.**

Nuair a scrúdaigh Muintir Uí Annáin a Leabhar Mionairgid Anailísithe ag deiredh mhí na Nollag 2004, fuair siad amach go raibh difríocht idir a n-ioncam agus a gcaiteachas iarbhír don dá mhí déag agus na figiúirí buiséadaithe (ar fáil sa Ráiteas Comparáide Buiséid **ar leathanach 8 de Roinn A)** de bharr iad seo a leanas:

- Laghdaigh tuarastail Mhuintir Uí Annáin de 5%.
- Tá beirt pháistí ag Muintir Uí Annáin. Mhéadaigh Sochar Leanaí le haghaidh gach páiste díobh de €15 in aghaidh na míosa.
- Bhí ús agus díbhinní €135 níos lú ná mar a bhí buiséadaithe acu.
- Bhuaigh Muintir Uí Annáin €300 i lotto an chlub spóirt áitiúil.
- Laghdaigh íocaíochtaí morgáiste de €27 in aghaidh na míosa ó 1 Márta.
- Chaill Muintir Uí Annáin a mbónas cheal éilimh €360 ar a n-árachas gluaisteáin de bharr timpiste.
- Bhí an ceadúnas teilifíse mar a bhí buiséadaithe acu.
- Bhí costais teaghlaigh 7½% níos mó ná mar a bhí buiséadaithe acu.
- Bhí costais ghluaisteáin €650 níos mó ná mar a bhí buiséadaithe acu.
- Bhí costais solais agus teasa 6% níos lú ná mar a bhí buiséadaithe acu.
- Bhí costais sláinte €30 in aghaidh na míosa ar an meán don bhliain.
- Chosain siamsaíocht €100 in aghaidh na míosa ar an meán ach amháin na trí mhí: Meitheamh, Lúnasa agus Nollaig, nuair a chosain sí €210 ar an meán.
- De bharr bainise, chosain bronntanais €150 sa bhreis.
- Bheartaigh an teaghlach ar shaoire deireadh seachtaine a thógáil a chosain €600, in ionad na laethanta saoire a bhí buiséadaithe acu.

**(A)** Ag baint úsáide as an Ráiteas Comparáide Buiséid **ar leathanach 8 de Roinn A,** iontráil na figiúirí cuí sa cholún 'Iarbhír'.

Taispeáin na difríochtaí idir na figiúirí **'Iarbhír'** agus na figiúiri **'Búiséad'** sa cholún **'Difríocht'.**

Úsáid comhartha **móide** nó **lúide** roimh gach figiúr sa cholún sin.

Nóta: Úsáid an comhartha 'móide' má tá 'iarbhír' NÍOS MÓ ná an figiúir 'buiséadach'.
Úsáid an comhartha 'lúide' má tá 'iarbhír' NÍOS LÚ ná an figiúir 'buiséadach'.
Sampla:

| | **Buiséad** | **Iarbhír** | **Difríocht** |
|---|---|---|---|
| | 590 | 650 | + 60 |
| | 360 | 270 | - 90 |
| Iomlán | 950 | 920 | - 30 |

**(22)**

Freagair na codanna (B) agus (C) seo a leanas sna spásanna atá curtha ar fáil **ar leathanach 9 de Roinn A.**

**(B)** **(i)** Cé mhéad a bhí sé i gceist ag Muintir Uí Annáin a choigilt i rith na bliana 2004?

**(ii)** Cén fíor-iarmhéid airgid tirim deiridh a bhí acu ag deireadh na bliana 2004?

**(iii)** Luaigh an méid a chaith Muintir Uí Annáin anuas ar a gcaiteachas buiséadaithe.

**(iv)** Mínigh an téarma **'bónas cheal éilimh'.**

**(10)**

**(C)** **(i)** Imlínigh **dhá** chúis a n-ullmhódh Muintir Uí Annáin buiséad.

**(ii)** Dá dtarlódh sé go raibh easnamh ar Mhuintir Uí Annáin don bhliain 2004, luaigh **dhá** athrú arbh fhéidir leo a dhéanamh ar a mbuiséad teaghlaigh.

**(8)**
**(40 marc)**

**2.** **Freagair GACH cuid. Ceist í seo ar Chlub.**

Bhí na Sócmhainní agus na Fiachais seo a leanas ag Club Iascaireachta Ghleann na Laoi, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí, ar an 1 Eanáir, 2004.

Clubtheach €100,000 Báid €30,000 Iasacht Téarma €40,000 Airgead Tirim €2,500.

Seo thíos achomair de bhearta airgeadais an Chlub don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2004:

| **Fáltais:** | **€** |
|---|---|
| Táillí Comórtas | 1,370 |
| Síntiúis | 562 |
| Táillí Iascaireachta | 2,004 |
| Urrús Bliantúil | 300 |
| | |
| **Íocaíochtaí:** | **€** |
| Árachas | 880 |
| Costais Chomórtas | 878 |
| Costais an Rúnaí | 163 |
| Ceannachán Trealaimh | 1,200 |
| Solas agus Teas | 850 |

Eolas breise ar an 31 Nollaig 2004:

(i) Árachas réamhíoctha €130

(ii) Síntiúis Iníoctha €90

(iii) Báid le dímheas de 5%

(iv) Solas agus Teas iníoctha €45

**(A)** Ullmhaigh Ráiteas ag ríomh Ciste Carntha an Chlub ar an 1 Eanáir 2004.

**(6)**

**(B)** Ullmhaigh:

**(i)** Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar chríoch 31/12/2004.

**(ii)** Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar chríoch 31/12/2004.

**(25)**

**(C)** **(i)** Mínigh ról **chisteoir an chlub**.

**(ii)** Cén cuspóir atá lena t(h)uairisc?

**(9)**
**(40 marc)**

**3.** **Freagair GACH cuid. Ceist í seo a bhaineann le Pá.**

**(A)** Tá Niamh Ní Fhaoileáin fostaithe mar mheaisíneoir ag Trend Style Sports Tta. Oibríonn sí 39 uair sa tseachtain de ghnáth ach anois is arís déanann sí ragobair. Is é a ráta bunphá ná €10 san uair. Íoctar ragobair de réir ama go leith don chéad cheithre huaire agus am dúbailte do gach uair sa bhreis. Rinne sí 48 uair oibre i Seachtain Uimh.18.

Íocann Niamh cáin ioncaim ag an ráta 20% agus ÁSPC ag an ráta 8%. Is é a creidmheas cánach ná €2,080 sa bhliain. Íocann sí síntiús €2 in aghaidh na seachtaine dá Ceardchumann agus cuireann sí €15 sa tseachtain i gciste coigiltis. Baintear an dá shuim airgid sin óna pá ag an bhfostóir.

**(i)** Cén cuspóir atá le **Creidmheas Cánach**?

**(ii)** Comhlánaigh Duillín Pá Niamh don tSeachtain Uimh. 18, ag baint úsáide as an doiciméad bán **ar leathanach 10 de Roinn A**. Taispeáin do chuid oibrithe.

**(25)**

**(B)** **(i)** Mínigh **dhá** bhuntáiste do Niamh toisc í bheith ina ball de Cheardchumann.

**(ii)** Luaigh **dhá** shocar a fhéadfadh Niamh a fháil ón a síntiúisí ÁSPC.

**(iii)** Íoctar Niamh de réir amráta. Luaigh agus mínigh modh **amháin** eile chun ollphá a ríomh.

**(15)**
**(40 marc)**

**4.** **Freagair GACH cuid. Ceist í seo ar Bhaincéireacht.**

D'oscail Máiréad Mistéil cuntas reatha i mBanc Uladh ar an 01/05/2005 nuair a lóisteáil sí €400 ina cuntas. Is iad seo a leanas a bearta do mhí Bealtaine:

| 2005 | | € |
|---|---|---|
| 02/05/05 | Cheannaigh earraí trí sheic Uimh. 1 | 40 |
| 03/05/05 | Tharraing amach trí UMB | 30 |
| 05/05/05 | Lóisteáil dá cuntas | 250 |
| 07/05/05 | Cheannaigh peitreal trí sheic Uimh. 2 | 25 |
| 09/05/05 | Cheannaigh éadaí trí sheic Uimh. 3 | 70 |
| 17/05/05 | Tharraing amach trí UMB | 30 |
| 24/05/05 | Cheannaigh DVD trí sheic Uimh. 4 | 45 |
| 30/05/05 | Lóisteáil dá cuntas | 200 |

**(A)** Breac go hiomlán taifid Mháiréid féin dá bearta bainc do mhí Bealtaine 2005. Taispeáin a hiarmhéid deiridh. Úsáid an Cuntas Bainc atá **ar leathanach 11 de Roinn A.** **(10)**

**(B)** Déan comparáid idir taifid Mháiréid féin agus an Ráiteas Bainc a fuair sí (thíos). Déan pé athraithe is gá ar thaifid Mháiréid féin agus ansin ullmhaigh Ráiteas Imréitigh Bainc (**ar leathanach 11 de Roinn A).**

| **RÁITEAS BAINC Uimh. 1** | | | | 31 Bealtaine 2005 |
|---|---|---|---|---|
| **Dáta** | **Sonraí** | **Dochar** | **Sochar** | **Iarmhéid** |
| 2005 | | € | € | € |
| Bealtaine 1 | Lóisteáil | | 400 | 400 |
| Bealtaine 3 | UMB | 30 | | 370 |
| Bealtaine 4 | Seic Uimh. 1 | 40 | | 330 |
| Bealtaine 5 | Lóisteáil | | 250 | 580 |
| Bealtaine 7 | B/O (S/O) | 200 | | 380 |
| Bealtaine 10 | A/C (C/T) | | 100 | 480 |
| Bealtaine 14 | Seic Uimh. 3 | 70 | | 410 |
| Bealtaine 17 | UMB | 30 | | 380 |

**(15)**

**(C)** **(i)** Luaigh **dhá** chúis a n-ullmhaítear Ráiteas Imréitigh Bainc.

**(ii)** Mínigh an difríocht idir **dochar díreach** agus **buanordú.**

**(iii)** Luaigh slí **amháin** ina bhféadfadh Máiréad íoc as earraí a ceannaíodh sna Stáit Aontaithe.

**(15)**

**(40 marc)**

**5.** **Freagair GACH cuid. Ceist í seo a bhaineann le hIasacht agus Tomhaltóirí.**

**(A)** Luaigh **trí** thosca ar cheart do thomhaltóir a chur san áireamh roimh iasacht a fháil.

**(9)**

**(B)**

| |
|---|
| **FRUILCHEANNACH AR FÁIL** |
| Téarmaí boga creidmheasa ar fáil |
| do do shorn leictreach |
| Éarlais €50 |
| agus |
| 30 gála de €25 an ceann |

**(i)** Ríomh an costas má dhéantar an sorn leictreach a fhruilcheannach.

**(ii)** An bhfuil an fógra seo dleathach?
Mínigh **dhá** chúis le do fhreagra.

**(iii)** Imlínigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** do thomhaltóir má dhéanann sé/sí an sorn a fhruilcheannach.

**(13)**

**(C)** Taispeánadh an comhartha agus an fógra seo a leanas i siopa:

| |
|---|
| Déan teagmháil leis an Déantóir mura bhfuil tú sásta |

| |
|---|
| *Geansaí Ar Díol* |
| 100% Olann |

**Nóta**: Nuair a scrúdaigh an tomhaltóir an geansaí fuair sé/sí amach go raibh an geansaí déanta as cadás in ionad olann mar a fógraíodh.

**(i)** Abair an bhfuil **gach ceann** acu thuas dleathach.

**(ii)** Mínigh an dlí tomhaltóra a bhaineann le **gach ceann** den dá chás.

**(10)**

**(D)** Luaigh agus mínigh **dhá** ghníomhaireacht a chosnaíonn tomhaltóirí nuair a bhíonn gearán acu.

**(8)**
**(40 marc)**

**6.** **Freagair GACH cuid. Ceist í seo ar an mBuiséad Náisiúnta agus Boilsciú.**

**(A)** **(i)** Mínigh an téarma **'Boilsciú'.**

**(ii)** Luaigh **dhá** chúis le boilsciú.

**(7)**

**(B)** Taispeánann an tábla seo a leanas an ráta boilscithe i dtír le cúig bliana anuas:

| **Bliain:** | 2000 | 2001 | 2002 | 2003 | 2004 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ráta:** | 8% | 4% | 6% | 5% | 2% |

**(i)** Tarraing líneghraf **nó** barra-chairt chun an t-eolas thuas a thaispeáint.

**(ii)** Dá dtabharfaí ardú pá 3% do na hoibrithe sa tír thuasluaite sa bhliain 2003, mínigh an toradh a bheadh ag an méadú seo ar a gcaighdeán maireachtála.

**(iii)** Luaigh **dhá** bhuntáiste don tomhaltóir de bharr an ráta íseal boilscithe sa bhliain 2004.

**(15)**

**(C)** Tugadh na figiúirí seo a leanas ag Aire Airgeadais ar lá an Bhuiséid mar réamh-mheastacháin don bhliain 2005:

| **Príomh-mhíreanna Ioncaim agus Caiteachais** | **Figiúirí Measta i Milliúin €** |
|---|---|
| Fónamh d`Fhiachas | 190 |
| ÍMAT | 2,550 |
| CBL | 1,470 |
| Seirbhísí Sláinte | 1,720 |
| Leas Sóisialta | 1,230 |
| Oideachas ague Eolaíocht | 1,340 |
| Cáin Chorporáide | 260 |
| Dleacht Chustaim | 235 |

**(i)** Dréachtaigh an Buiséad Náisiúnta don bhliain 2005 ón eolas thuas. Luaigh cé acu Buiséad Fuílligh nó Buiséad Easnaimh é.

**(ii)** Mínigh **dhá** thoradh a bheadh ag méadú fostaíochta ar an mBuiséad Náisiúnta thuas.

**(iii)** Mínigh **dhá cheann** de na téarmaí seo a leanas:

- Fónamh d`Fhiachas
- Cáin Chorporáide
- Dleacht Chustaim.

**(18)**
**(40 marc)**